

## BUNREACTH ADEFFI

1. Is é teideal an Chumainn, Association d'études françaises et francophones en Irlande (ADEFFI) – Association for French and Francophone Studies in Ireland – An Cumann le Léann na Fraincise in Éirinn.

2. Is iad cuspóirí an chumainn:

- i. taighde agus staidéar i léann na Fraincise a chur chun cinn in Éirinn.
- ii. staidéar ar chultúr agus ar sochaí na Fraincise a chur chun cinn in Éirinn.
- iii. teagasc na Fraincise agus léann na Fraincise a chur chun cinn in Éirinn.
- iv. faisnéis a scaipeadh maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde, teagasc agus staidéar ar chultúr agus sochaí na Fraincise tríd an meán chló agus leictreonach.
- v. clár taighdeoirí atá gníomhach i réimse léinn chultúr agus sochaí na Fraincise a chothú.
- vi. teagmháil a chothú le cumainn agus grúpaí eile atá bainteach le cur chun cinn taighde, teagasc agus léann chultúr agus sochaí na Fraincise .

3. Is cumann neamhpholaitiúil neamhbhrabúsmaí é An Cumann le Léann na Fraincise in Éirinn agus ní bheidh sé páirteach in aon ghníomhaíochtaí polaitiúla ná tráchtála.

4. Féadfaidh le heagraíocht, institiúid nó duine ar bith a bheith ina bhall den chumann. Ba chóir iarratas a dhéanamh le Runaí an chumainn. Íocfaidh gach ball síntiús bliantúil chuig an gCumann a chlúdóidh costais reatha. Socrófar an síntiús seo ag Cruinniú Cinn Bhliana an Chumainn.

5. Is ionann bliain Riaracháin an Chumainn agus an bhliain féilire. Tionólfar Cruinniú Cinn Bhliana an Chumainn ag deireadh gach bliain. Beidh síntiús le híoc ar 1ú Eanáir gach bliain.

6. Toghfar Coiste Feidhmiúcháin ag an gCruinniú Cinn Bhliana gach bliain mar seo a leanas: Uachtarán, Leas-Uachtarán, Rúnaí, Cisteoir, Ionadaí na mac léinn iarchéime, Oifigeach Cumarsáide agus Príomheagarthóir na hirise the *Irish Journal of French Studies*. Is féidir leis an gcoiste ní mó ná beirt bhall breise a chomhthoghadh le linn a théarma oifige. Líonfar aon fholúntas a bheidh ann le linn téarma oifige an choiste trí chomhthoghadh.

Beidh ar a laghad cúigear ball den Choiste Feidhmiúcháin mar chóram do gach uile gnó.

Tá sainchúraimí na n-Oifigeach agus na nós imeachtaí toghcháin don Choiste Feidhmiúcháin sonraithe i Sceideal A den Bhunreacht.

Seachas an Príomheagarthóir, áireofar triúr ball ar bhord eagarthóireachta na hirise the *Irish Journal of French Studies*, a thoghfar do thréimhse trí bliana, ar féidir a mandáid a shíneadh le haghaidh bliana eile má aontaíonn na baill ag Cruinniú Cinn Bhliana an Chumainn. Ina theannta sin, is féidir leis an mbord eagarthóireachta baill bhreise a chomhthoghadh le cabhrú le hobair eagarthóireachta. Ní íocfaidh an Cumann na costais a bhainfeadh lena leithéid de bhall breise.

7. Déanfar tuairiscí an Rúnaí agus an Chisteora a thabhairt ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

8. Déanfar gníomhaíochtaí an Chumainn a mhaoiniú go príomha trí shíntiúis na mball agus trí thabhartas nó deontas a bhronnfar, ar choinníol nach bhfuil aon choinníolacha ag baint lena leithéid de thabhartas nó deontas a d'fhéadfadh bheith contrártha le neamhspleáchas an Chumainn.

9. Is gá móramh dhá dtrian de na baill choiste atá i láthair agus ag caitheamh vóta ag Cruinniú Cinn Bhliana chun ceisteanna bunreachtúla nó ceisteanna nós imeachta a chinneadh. Is leor móramh lom i ngach cás eile. I gcás vóta cothrom, beidh an vóta réitigh ag an Uachtarán nó ag ainmní.

10. Is féidir an Bhunreacht a leasú le móramh dhá dtrian de na baill choiste atá i láthair agus ag caitheamh vóta ag Cruinniú Cinn Bhliana nó ag cruinniú Ginearálta Neamhghnáthach a ghlaofar, a mbeidh fógra ceithre lá déag ar laghad tugtha roimhré.

11. Glaofaidh an Coiste Feidhmiúcháin cruinniú ginearálta neamhghnáthach má chinneann móramh den Choiste Feidhmiúcháin é, nó má éilíonn líon nach lú ná aon cheathrú de bhaill an Chumainn é.

12. Féadfaidh le haon bhall den Chumann iarradh ar an gCoiste Feidhmiúcháin, mír a chur ar an gclár do chruinniú ginearálta.

13. Beidh ar 15 ball a bheidh i láthair go pearsanta mar chóram ag Cruinniú Ginearálta do gach uile ghnó.

### **Sceideal A : Coiste Feidhmiúcháin**

#### **1. Modh Toghcháin**

a) Beidh se de dhualgas ag an Rúnaí fógra a chur amach chuig baill an Chumainn ar a laghad mí amháin roimh Cruinniú Cinn Bhliana an ADEFFI, chun deis a thabhairt ainmniúcháin a chur chun tosaigh le folúntais toghaí an choiste feidhmiúcháin a líonadh.

b) Míneofar na coinníollacha ainmniúcháin seo leanas sa fógra seo:

i. Ní mór go mbeadh an iarrathóir curtha chun tosaigh / ainmnithe ag beirt baill eile ar an íosmhéid.

ii. Ní mór go ndéanfar seo de réir toil an iarrathóra agus é seo curtha i in iúil acu i scríbhinn nó thar ríomh-phost.

iii. Ní mór ná go mbeadh an h-ainmniúcháin leis an Choiste Feidhmiúcháin ar a laghad 8 lá roimh an Chruinniú Chinn Bhliana le go mbeadh sé bailí.

c) Seolfar liosta na h-ainmniúcháin ar aghaidh chuig baill an ADEFFI mar aon le fógra deireanach na Cruinnithe Chinn Bhliana.

d) Glacfar le h-ainmniúcháin ar an lá sa chás is go mbíonn gá leo leis na follúntais uilig a líonadh.

e) Is é 3 bliana as a chéile an uasmhéid don ghnáth ball freastail a dhéanamh ar an Choiste Feidhmiúcháin. Mairfidh mandáid an uachtaráin 3 bliana. Toghfar leas

uachtaráin bliain amháin roimh dheireadh mandáid an uachtaráin ar choinníol go nglacfar leis go mbeidh ar an leas-uachtaráin ainmnithe tabhairt faoi fheidhmeanna oifig an uachtaráin chomh luath is a chríochnaíonn mandáid an uachtaráin. Sa tslí seo, beidh gach uachtarán mar bhall den Choiste Feidhmiúcháin do cheithre bliana ar a laghad, ós rud é go mbeidh bliain amháin chaite acu mar leas-uachtaráin roimh dóibh glacadh le fheidhmeanna oifig an uachtaráin. Beidh príomheagarthóir na h-irise 'Irish Journal for French Studies' mar bhall den Choiste Feidhmiúcháin ar feadh mandáid de cheithre bliana agus beidh sé de chead an mandáid a athnuachan do téarma breise amháin, ach amháin cead votála a bheith ag gach ball den Chumann maidir le seo ag Cruinniú Cinn Bhliana an chumainn. Seachas príomheagarthóir na h-irise, ní bheidh sé de chead ag ball ar bith den Choiste Feidhmiúcháin níos mó ná téarma amháin a chaitheamh in aon oifig amháin. Ní féidir le haon bhall den Choiste Feidhmiúcháin na feidhmeanna céanna a chomhlíonadh ar feadh dhá téarma as a chéile. Caifear fanacht do bhriseadh téarma amháin ar a laghad.

2. Is iad seo a lenas sainchúraimí na n-Oifigeach:

a) An t-Uachtarán. Is é uachtarán an Chumainn a bheas i gceannas ar gach cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin agus ar gach cruinniú ginearálta den Chumann. Beidh sé de dhaulgas ar uachtarán an Chumainn freastal ar ócáidí ofigúla agus cruinnithe éagsúla, agus comarsáid a chothú ar son ADEFFI, nó ba cheart ionadaí a ainmniú le tabhairt faoi na daulgaisí seo ina áit, ach amháin cead seo a fháil ón gCoiste Feidhmiúcháin roimhré. Caifear gníomhaíochtaí an Choiste Feidhmiúcháin a éagrú agus a comhordú. Is é an t-uachtarán a bheas freagrach do chúrsaí riaracháin an Chumainn.

b) An Rúnaí. Is é dualgas an rúnaí é dul i gcomhairle le huachtarán and Chumainn chun miontuairiscí chruinnithe uile an Chumainn agus an Choiste Feidhmiúcháin a thaifeadadh agus a sheachadadh de réir mar is cuí, agus chun clár oibre a sholáthar. Caifear comhfhreagrais agus comhdaigh an Chumainn ADEFFI agus and Choiste Feidhmiúcháin a reachtáil agus a chaomhnú.

c) An Cisteoir. Is é dualgas an chisteora cuntais chearta shásúla a choimeád agus cuirfidh sé/sí cuntais lánreatha ar fáil ag gach Cruinniú Cinn Bhliana chomh maith le cuntaisí eatramhacha a chur ar fáil don Choiste Feidhmiúcháin. Beidh sé/sí freagrach do taifid mionsocraithe ballraíochta an Chumainn, ach go háirithe (i) liosta cruinn d'aimneacha na baill uilig, agus (ii) bailiúcháin sintiúis agus riaráistí.